Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

An Bhruiséil, 12 Bealtaine 2022
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0411(COD)**

**8267/4/22**
**REV 4**

**LIMITE**

**IXIM 94**
**ENFOPOL 202**
**JAI 509**
**CODEC 522**
**COMIX 201**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14205/21; 6529/22; 7210/22 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 782 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le malartú faisnéise idir údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát, lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2006/960/CGB ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo leagan modhnaithe de na tograí comhréitigh ón Uachtaránacht maidir leis an togra thuasluaite le haghaidh Treorach.

Téacs nua le hais an leagain athbhreithnithe roimhe seo, tá sé i ***<u>gcló trom, i gcló iodálach agus tá líne faoi</u>***, agus marcáiltear an téacs a scriosadh le *<u>[...]</u>* .

Léirítear na hathruithe a rinneadh roimhe seo i gcomparáid leis an togra ón gCoimisiún i gcló **trom** i gcás téacs nua agus le [...] i gcás téacs a scriosadh.

Togra le haghaidh

**TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le malartú faisnéise idir údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát, lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2006/960/CGB ón gComhairle**

PUBLIC

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 87(2), pointe (a) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ní mór freagairt chomhordaithe, spriocdhírithe agus oiriúnaithe a thabhairt i gcás bagairtí trasnáisiúnta a bhaineann le gníomhaíochtaí coiriúla. Cé go bhfuil na húdaráis náisiúnta atá ag oibriú ar an láthair ar thús cadhnaíochta i gcomhrac na coireachta eagraithe agus na sceimhlitheoireachta, tá gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais ríthábhachtach chun comhar éifeachtúil agus éifeachtach a áirithiú, lena n-áirítear maidir le malartú faisnéise. Ina theannta sin, is iad an choireacht eagraithe agus an sceimhlitheoireacht, go háirithe, a léiríonn an nasc idir an tslándáil inmheánach agus an tslándáil sheachtrach. Téann na bagairtí sin thar theorainneacha agus feictear iad sa choireacht eagraithe agus i ngrúpaí sceimhlitheoireachta a bhíonn i mbun raon leathan gníomhaíochtaí coiriúla.

(2) I limistéar gan rialuithe ag na teorainneacha inmheánacha, ba cheart deis a bheith ag na póilíní i mBallstát amháin, faoi chuimsiú an dlí Aontais agus náisiúnta is infheidhme, rochtain choibhéiseach a fháil ar an bhfaisnéis atá ar fáil dá gcomhghleacaithe i mBallstát eile. I ndáil leis sin, ba cheart d'údaráis forfheidhmithe dlí comhoibriú go héifeachtach agus trí réamhshocrú ar fud an Aontais. Dá bhrí sin, is cuid bhunriachtanach de na bearta is buntaca leis an tslándáil phoiblí i limistéar idirspleách gan rialuithe ag na teorainneacha inmheánacha comhar póilíneachta maidir le malartú faisnéise ábhartha chun críocha fhorfheidhmiú an dlí. Tá an malartú faisnéise maidir le coireacht agus gníomhaíochtaí coiriúla, lena n-áirítear an sceimhlitheoireacht, ag fónamh don chuspóir foriomlán, mar atá, slándáil daoine nádúrtha a chosaint.

PUBLIC

(3) Tá malartú faisnéise idir Ballstáit chun críocha cionta coiriúla a chosc agus a bhrath á rialú ag an gCoinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen an 14 Meitheamh 1985[1] a chur chun feidhme, coinbhinsiún arna ghlacadh an 19 Meitheamh 1990, go háirithe ina Airteagail 39 agus 46 de. Tháinig Cinneadh Réime 2006/960/CGB[2] ón gComhairle in ionad na bhforálacha sin go páirteach agus tugadh isteach rialacha nua maidir le malartú eolais agus faisnéise idir údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát.

(4) Léirigh meastóireachtaí, lena n-áirítear na meastóireachtaí a rinneadh faoi Rialachán (AE) 1053/2013[3] ón gComhairle, nach bhfuil Cinneadh Réime 2006/960/CGB sách soiléir agus nach n-áirithítear leis malartú leormhaith agus mear faisnéise ábhartha idir na Ballstáit. Thug meastóireachtaí le fios freisin gur ar éigean a úsáidtear an Cinneadh Réime sa chleachtas, i bpáirt mar gheall ar an easpa soiléireachta, mar atá léirithe sa chleachtas, idir raon feidhme an Choinbhinsiúin lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme agus raon feidhme an Chinnidh Réime sin.

---

[1] An Coinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen an 14 Meitheamh 1985 idir Rialtais Stáit Aontas Eacnamaíoch Benelux, Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine agus Phoblacht na Fraince maidir le seiceálacha ag a gcomhtheorainneacha a dhíothú de réir a chéile a chur chun feidhme (IO L 239, 22.9.2000, lch. 19).

[2] Cinneadh Réime 2006/960/CGB ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir leis an malartú eolais agus faisnéise a shimpliú idir na húdaráis forfheidhmithe dlí, ar údaráis de chuid Bhallstáit an Aontais Eorpaigh iad *(IO L 386, 29.12.2006, lch. 89)*.

[3] Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013 lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm acquis Schengen a fhíorú agus lena n-aisghairtear an Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 16 Meán Fómhair 1998 lena mbunaítear Buanchoiste um measúnú agus cur chun feidhme Schengen (IO L 295, *6.11.2013, lch. 27)*.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart an creat dlíthiúil atá ann cheana, ina bhfuil forálacha ábhartha an Choinbhinsiúin lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme agus Cinneadh Réime 2006/960/CGB, a thabhairt cothrom le dáta agus a ionadú, ionas go n-éascófar agus go n-áiritheofar, trí rialacha soiléire comhchuibhithe, malartú leormhaith agus mear faisnéise idir na húdaráis forfheidhmithe dlí inniúla sna Ballstáit éagsúla.

(6) Go háirithe, ba cheart aghaidh a thabhairt ar na neamhréitigh idir na forálacha ábhartha den Choinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme agus Cinneadh Réime 2006/960/CGB trí mhalartuithe faisnéise a chumhdach d'fhonn cionta coiriúla a chosc, a bhrath nó a imscrúdú, agus ar an gcaoi sin dul in ionad, a mhéid a bhaineann le malartuithe den sórt sin, Airteagail 39 agus 46 den Choinbhinsiún sin agus, ar an gcaoi sin, an deimhneacht dhlíthiúil is gá a sholáthar. Ina theannta sin, ba cheart na rialacha ábhartha a shimpliú agus a shoiléiriú, ionas go n-éascófar a gcur i bhfeidhm éifeachtach iarbhír.

PUBLIC

(7) Is gá rialacha a leagan síos lena rialófar gnéithe trasearnálacha den mhalartú faisnéise sin idir na Ballstáit**, lena n-áirítear faisnéis a fhaightear in oibríochtaí faisnéise coiriúla. Ba cheart a áirithiú leis sin malartú faisnéise trí Ionaid Chomhair Phóilíneachta agus Custaim a bunaíodh idir dhá Bhallstát nó níos mó ar bhonn socruithe déthaobhacha nó iltaobhacha chun cionta coiriúla a chosc, a bhrath nó a imscrúdú. Ar an taobh eile, níor cheart malartú déthaobhach faisnéise le Tríú Stáit a áirithiú leis sin.** Níor cheart do rialacha na Treoracha seo difear a dhéanamh do chur i bhfeidhm rialacha dhlí an Aontais maidir le córais nó creata sonracha le haghaidh na malartuithe sin, amhail faoi Rialacháin (AE) 2018/1860[4], (AE) 2018/1861[5], (AE) 2018/1862[6], agus (AE) 2016/794[7] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha (AE) 2016/681[8] agus 2019/1153[9] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Cinntí 2008/615/JHA[10] agus 2008/616/JHA[11] ón gComhairle.

---

4 Rialachán (AE) 2018/1860 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le húsáid Córas Faisnéise Schengen chun náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh, (IO L 312, 7.12.2018, *lch. 1)*.

5 Rialachán (AE) 2018/1861 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le Córas Faisnéise Schengen a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse na seiceálacha teorann, lena leasaítear an Coinbhinsiún lena gcuirtear Comhaontú Schengen chun feidhme, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Rialachán Uimh. 1987/2006 (IO L 312, 7.12.2018, lch. 14).

6 Rialachán (AE) 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le Córas Faisnéise Schengen (SIS) a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán Uimh. 1986/2006 agus Cinneadh 2010/261/AE ón gCoimisiún (IO L 312, 7.12.2018, lch. 56).

7 Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus lena n-aisghairtear Cinntí 2009/371/CGB, 2009/934/CGB, 2009/935/CGB, 2009/936/CGB agus 2009/968/CGB ón gComhairle agus a ghabhann ionad na gCinntí sin (*IO L 135, 24.5.2016, lch. 53)*.

8 Treoir (AE) 2016/681 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le húsáid sonraí maidir le taifead ainmneacha paisinéirí (PNR) chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh *(IO L 119, 4.5.2016, lch. 132)*.

9 Treoir (AE) 2019/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena leagtar síos rialacha lena n-éascaítear úsáid faisnéise airgeadais agus faisnéise eile chun coireanna coiriúla áirithe a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2000/642/CGB ón gComhairle *(IO L 186, 11.7.2019, lch. 122)*.

10 Cinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle an 23 Meitheamh 2008 maidir le comhar trasteorann a ghéarú, go háirithe chun sceimhlitheoireacht agus coireacht trasteorann a chomhrac (IO L 210, 6.8.2008, lch. 1).

11 Cinneadh 2008/616/CGB ón gComhairle an 23 Meitheamh 2008 maidir le cur chun feidhme Chinneadh 2008/615/CGB maidir le comhar trasteorann a ghéarú, go háirithe chun sceimhlitheoireacht agus coireacht trasteorann a chomhrac (IO L 210, 6.8.2008, lch. 12). Le togra le haghaidh Rialachán maidir le malartú uathoibríoch sonraí le haghaidh comhar póilíneachta ('Prüm II'), tá sé á bheartú codanna de na Cinntí sin ón gComhairle a aisghairm.

PUBLIC

**Beidh an Treoir seo gan dochar d'fhorálacha an Choinbhinsiúin arna dhréachtú ar bhonn Airteagal K.3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, maidir le cúnamh frithpháirteach agus comhar idir riaracháin chustaim (Napoli II).**

**(7a) Ós rud é nár cheart feidhm a bheith ag an Treoir seo maidir le próiseáil sonraí pearsanta le linn gníomhaíocht nach dtagann faoi raon feidhme dhlí an Aontais, níor cheart gníomhaíochtaí a bhaineann le slándáil náisiúnta a mheas mar ghníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo.**

(8) Ní rialaítear soláthar agus úsáid faisnéise mar fhianaise in imeachtaí breithiúnacha leis an Treoir seo. Go háirithe, níor cheart a thuiscint go mbunaítear ceart leis an Treoir chun úsáid a bhaint as an bhfaisnéis a sholáthraítear faoin Treoir seo mar fhianaise agus, dá bhrí sin, ní dhéantar difear d'aon cheanglas dá bhforáiltear sa dlí is infheidhme chun toiliú a fháil ón mBallstát a sholáthraíonn an fhaisnéis don úsáid sin. Fágann an Treoir seo nach ndéantar difear do ghníomhartha de chuid dhlí an Aontais maidir le fianaise, amhail Rialachán (AE).../...[12] [*maidir le hOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus maidir le hOrdú Eorpach um Chaomhnú i gcomhair fianaise leictreonach in ábhair choiriúla*] agus Treoir (AE).../...[13] [*lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir le hionadaithe dlíthiúla a cheapadh chun críche fianaise a bhailiú in imeachtaí coiriúla*]. **Dá bhrí sin, féadfaidh na Ballstáit a dtoiliú a thabhairt maidir le faisnéis a úsáid mar fhianaise in imeachtaí breithiúnacha tráth a sholáthrófar an fhaisnéis nó ina dhiaidh sin, *lena n-áirítear i gcás inar gá faoin dlí náisiúnta*, trí úsáid a bhaint as ionstraimí maidir le comhar breithiúnach atá i bhfeidhm idir na Ballstáit.**

[12] Togra le haghaidh Rialacháin, COM/2018/225 final – 2018/0108 (COD).
[13] Togra le haghaidh Treorach, COM/2018/226 final – 2018/0107 (COD).

(9) Ba cheart gach malartú faisnéise faoin Treoir seo a bheith faoi réir **ceithre** [...] phrionsabal ghinearálta, eadhon prionsabail infhaighteachta, rochtain choibhéiseach**,** [...] rúndacht **agus úinéireacht sonraí**. Cé go bhfuil na prionsabail sin gan dochar d'fhorálacha níos sonraí na Treorach seo, ba cheart dóibh a léirmhíniú agus a cur i bhfeidhm a threorú i gcás inarb ábhartha. Mar shampla, ba cheart a thuiscint as prionsabal na hinfhaighteachta gur cheart go gcuirfí faisnéis ábhartha atá ar fáil don Phointe Teagmhála Aonair nó d'údaráis forfheidhmithe dlí i mBallstát amháin ar fáil, a mhéid is féidir, do Bhallstáit eile. Mar sin féin, níor cheart don phrionsabal difear a dhéanamh do chur i bhfeidhm, i gcás ina mbeidh bonn cirt leis, forálacha sonracha na Treorach seo lena gcuirtear srian le hinfhaighteacht faisnéise, amhail na forálacha sin ar na forais le diúltú d'iarrataí ar fhaisnéis agus ar údarú breithiúnach**, mar aon leis an oibleagáid toiliú a fháil ón Stát a sholáthair an fhaisnéis i dtosach chun í a roinnt.** Ina theannta sin, de bhun phrionsabal na rochtana coibhéisí, ba cheart rochtain an phointe teagmhála aonair agus rochtain na n-údarás forfheidhmithe dlí i mBallstáit eile ar fhaisnéis ábhartha a bheith mar an gcéanna ó thaobh substainte de, gan gur mó nó gur lú an déine a bhaineann léi, leis an rochtain atá acu siúd den Bhallstát eile sin é féin uirthi faoi réir fhorálacha níos sonraí na Treorach.

**(9a) Le coincheap na faisnéise atá ar fáil a bhfuil an Treoir bunaithe air, áirítear idir fhaisnéis a bhfuil rochtain dhíreach uirthi ag údaráis forfheidhmithe dlí agus a bhfuil rochtain indíreach acu uirthi. Tagraíonn faisnéis a bhfuil rochtain dhíreach uirthi don fhaisnéis uile a choinnítear i mbunachar sonraí a bhfuil rochtain dhíreach air ag pointe teagmhála aonair nó ag údaráis forfheidhmithe dlí an Bhallstáit iarrtha, cibé acu a fuarthas nó nach bhfuarthas í trí bhearta comhéigneacha. Ar an lámh eile, le faisnéis a bhfuil rochtain uirthi go hindíreach bíonn ar an bpointe teagmhála aonair nó ar údaráis forfheidhmithe dlí an Bhallstáit iarrtha gníomhú chun an fhaisnéis sin a fháil. Níor cheart bearta comhéigneacha a áirithiú ar an ngníomhaíocht sin. Ba cheart do gach Ballstát a liosta d'fhaisnéis atá inrochtana go díreach agus a liosta d'fhaisnéis atá inrochtana go hindíreach a sholáthar d'Ardrúnaíocht na Comhairle lena háireamh sna 'Bileoga Náisiúnta Eolais' a cuirtear i gceangal leis an doiciméad ón gComhairle 'Lámhleabhar maidir le Malartú Faisnéise i bhForfheidhmiú an Dlí'.**


PUBLIC

(10) Chun an cuspóir a bhaint amach maidir le malartú leormhaith agus mear faisnéise a éascú agus a áirithiú idir na Ballstáit, ba cheart foráil a dhéanamh maidir leis an bhfaisnéis sin a fháil trí iarraidh ar fhaisnéis a dhíriú chuig pointe teagmhála aonair an Bhallstáit eile lena mbaineann, i gcomhréir le ceanglais shoiléire, shimplithe agus chomhchuibhithe áirithe. Maidir le hábhar na n-iarrataí sin ar fhaisnéis, ba cheart, go háirithe, a shonrú ar bhealach uileghabhálach, leor-mhionsonraithe agus gan dochar don ghá atá le measúnú cás ar chás, cén uair is gá iad a mheas mar iarratais phráinneacha agus cad iad na mínithe is lú a theastaíonn.

(11) Cé gur cheart go mbeadh deis ag pointí teagmhála aonair i ngach Ballstát, ar chaoi ar bith, iarrataí ar fhaisnéis a chur isteach chuig pointe teagmhála aonair Ballstáit eile, ar mhaithe le solúbthacht, chomh maith leis sin ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit a chinneadh go bhféadfaidh **cuid** dá n-údaráis forfheidhmithe dlí, **atá rannpháirteach i gcomhar Eorpach**, iarrataí den sórt sin a chur faoi bhráid **phointí teagmhála aonair na mBallstát eile** freisin. **Ba cheart liosta na n-údarás forfheidhmithe dlí ainmnithe sin a thabhairt cothrom le dáta agus ba cheart do gach Ballstát é a sholáthar don Choimisiún agus d'Ardrúnaíocht na Comhairle lena háireamh sna 'Bileoga Náisiúnta Eolais' a ghabhann leis an doiciméad ón gComhairle 'Lámhleabhar maidir le Malartú Faisnéise i bhForfheidhmiú an Dlí'.** Chun go mbeidh na pointí teagmhála aonair in ann a bhfeidhmeanna comhordaitheacha faoin Treoir seo a chomhlíonadh, is gá, áfach, i gcás ina nglacfaidh Ballstát cinneadh den sórt sin, go gcuirfear a phointe teagmhála aonair ar an eolas faoi gach iarraidh den sórt sin a chuirfear amach, agus faoi aon teachtaireacht a bhaineann leis sin, trí é a chur i gcóip i gcónaí.

(12) Tá gá le teorainneacha ama chun a áirithiú go ndéanfar próiseáil mhear ar iarrataí ar fhaisnéis arna gcur isteach chuig pointe teagmhála aonair. Ba cheart na teorainneacha ama sin a bheith soiléir agus comhréireach agus ba cheart a chur san áireamh an bhfuil práinn leis an iarraidh ar fhaisnéis agus **an bhfuil rochtain dhíreach nó indíreach ag na húdaráis forfheidhmithe dlí ar an bhfaisnéis** [...]. D'fhonn a áirithiú go gcomhlíonfar na teorainneacha ama is infheidhme ach, ag an am céanna, leibhéal áirithe solúbthachta a cheadú i gcás ina mbeidh bonn cirt oibiachtúil leis, is gá gan dialltaí a cheadú ach amháin, ar bhonn eisceachtúil, i gcás ina mbeidh gá ag údarás breithiúnach inniúil an Bhallstáit iarrtha le breis ama chun cinneadh a dhéanamh maidir le deonú an údaraithe bhreithiúnaigh is gá. D'fhéadfadh gá den sórt sin teacht chun cinn, mar shampla, mar gheall ar raon feidhme leathan nó castacht na n-ábhar a eascraíonn as an iarraidh ar fhaisnéis. **Chun teorainn a chur leis an mbaol go gcaillfí an deis chun dul ar aghaidh chuig gníomhaíochtaí criticiúla i gcásanna sonracha, ba cheart faisnéis a chur ar fáil don Bhallstát iarrthach a luaithe a shealbhóidh an pointe teagmhála aonair an fhaisnéis, fiú mura bhfuil san fhaisnéis sin ach cuid den fhaisnéis fhoriomlán atá ar fáil agus atá ábhartha don iarraidh. Ba cheart an chuid eile den fhaisnéis a sholáthar ina dhiaidh sin.**

(13) I gcásanna eisceachtúla, d'fhéadfadh údar oibiachtúil a bheith ag Ballstát iarraidh ar fhaisnéis arna cur faoi bhráid pointe teagmhála aonair a dhiúltú. Chun feidhmiú éifeachtach an chórais a chruthaítear leis an Treoir seo a áirithiú, ba cheart na cásanna sin a shonrú ar bhealach uileghabhálach agus a léirmhíniú ar bhealach sriantach. I gcás nach mbaineann ach codanna den fhaisnéis lena mbaineann iarraidh den sórt sin ar fhaisnéis leis na cúiseanna ar diúltaíodh an iarraidh, cuirfear an fhaisnéis eile ar fáil laistigh de na teorainneacha ama a leagtar síos leis an Treoir seo. Ba cheart foráil a dhéanamh maidir leis an deis soiléirithe a iarraidh lena ndéanfaí, dá réir, na teorainneacha ama is infheidhme a chur ar fionraí. Mar sin féin, níor cheart an deis sin a bheith ann ach amháin i gcás ina bhfuil na soiléirithe riachtanach comhréireach ar bhonn oibiachtúil, sa mhéid is go gcaithfí an iarraidh ar fhaisnéis a dhiúltú murach sin ar cheann amháin de na cúiseanna a liostaítear sa Treoir seo. Ar mhaithe le comhar éifeachtach, ba cheart é a bheith fós indéanta soiléirithe riachtanacha a iarraidh i gcásanna eile freisin, gan na teorainneacha ama a bheith ar fionraí, áfach.



PUBLIC

(14) D'fhonn an tsolúbthacht is gá a cheadú i bhfianaise na riachtanas oibríochtúil a d'fhéadfadh a bheith éagsúil sa chleachtas, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le dhá mhodh eile chun faisnéis a mhalartú, de bhreis ar iarrataí ar fhaisnéis arna gcur faoi bhráid na bpointí teagmhála aonair. Is é atá sa chéad cheann faisnéis a sholáthar go huathoibríoch, is é sin, ar thionscnamh an phointe teagmhála aonair nó na n-údarás forfheidhmithe dlí gan iarraidh roimh ré. Is é atá sa dara ceann faisnéis a sholáthar ar iarrataí ar fhaisnéis arna gcur isteach ag pointí teagmhála aonair nó ag údaráis forfheidhmithe dlí, ní chuig an bpointe teagmhála aonair, ach go díreach chuig na húdaráis forfheidhmithe dlí i mBallstát eile. Leis an dá mhodh, níor cheart ach líon teoranta ceanglas íosta a leagan síos, go háirithe maidir leis na pointí teagmhála aonair a choinneáil ar an eolas agus, maidir le faisnéis a sholáthar ar a thionscnamh féin, leis na cásanna ina bhfuil faisnéis le soláthar agus leis an teanga a úsáidfear.

(15) Is féidir leis an gceanglas maidir le húdarú breithiúnach roimh ré chun faisnéis a sholáthar a bheith ina chosaint thábhachtach. Tá córais dlí na mBallstát éagsúil ina leith seo agus níor cheart a thuiscint go ndéanann an Treoir seo difear do na ceanglais sin arna mbunú faoin dlí náisiúnta, seachas iad a chur faoi réir an choinníll go gcaithfear le malartuithe intíre agus malartuithe idir na Ballstáit ar bhealach coibhéiseach, maidir leis an tsubstaint agus maidir leis an nós imeachta araon. Ina theannta sin, d'fhonn aon mhoill agus aon deacracht a bhaineann le cur i bhfeidhm ceanglais den sórt sin a choinneáil chomh híseal agus is féidir, ba cheart do phointe teagmhála aonair nó d'údaráis forfheidhmithe dlí Bhallstát an údaráis bhreithiúnaigh inniúil, de réir mar is infheidhme, gach céim phraiticiúil agus dhlíthiúil a thabhairt, i gcás inarb ábhartha i gcomhar le pointe teagmhála aonair nó le húdarás forfheidhmithe dlí Ballstáit eile a d'iarr an fhaisnéis, chun an t-údarú breithiúnach a fháil a luaithe is féidir. **Cé go bhfuil bunús dlí na Treorach teoranta do chomhar i bhforfheidhmiú an dlí faoi Airteagal 87(2)(a) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, fós féin tá imní ar údaráis bhreithiúnacha faoi roinnt d'fhorálacha na Treorach sin ar údaráis bhreithiúnacha.**

(16) Tá sé tábhachtach, go háirithe, go n-áiritheofar cosaint sonraí pearsanta, i gcomhréir le dlí an Aontais, i ndáil leis na malartuithe faisnéise uile faoin Treoir seo. Chuige sin, ba cheart rialacha na Treorach seo a ailíniú le Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[14]. Go háirithe, ba cheart a shonrú go leanfaidh aon sonraí pearsanta arna malartú ag pointí teagmhála aonair agus ag údaráis forfheidhmithe dlí de bheith teoranta do na catagóirí sonraí a liostaítear i Roinn B pointe 2, d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[15]. Ina theannta sin, a mhéid is féidir, ba cheart aon sonraí pearsanta den sórt sin a idirdhealú de réir leibhéal cruinnis agus iontaofachta na sonraí sin, ionas gur cheart fíricí a idirdhealú ó mheasúnuithe pearsanta, chun cosaint daoine aonair agus cáilíocht agus iontaofacht na faisnéise a mhalartaítear a áirithiú. Má dhealraíonn sé go bhfuil na sonraí pearsanta mícheart, ba cheart iad a cheartú nó a léirscriosadh gan mhoill. Ba cheart ceartú nó léirscriosadh den sórt sin, mar aon le haon phróiseáil eile ar shonraí pearsanta i dtaca leis na gníomhaíochtaí faoin Treoir seo, a dhéanamh i gcomhréir le rialacha infheidhme dhlí an Aontais, go háirithe Treoir (AE) 2016/680 agus Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[16], ar rialacha iad nach ndéantar difear dóibh leis an Treoir seo.

---

14 Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 i ndáil le cosaint daoine nádúrtha maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle (IO L 119, 4.5.2016, lch. 89).

15 Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus lena n-aisghairtear Cinntí 2009/371/CGB, 2009/934/CGB, 2009/935/CGB, 2009/936/CGB agus 2009/968/CGB ón gComhairle agus a ghabhann ionad na gCinntí sin *(IO L 135, 24.5.2016, lch. 53)*.

16 Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

(17) Ionas go bhféadfaidh na pointí teagmhála aonair faisnéis a sholáthar go leormhaith agus go mear, arna iarraidh sin nó ar a dtionscnamh féin, tá sé tábhachtach go dtuigfeadh oifigigh ábhartha na mBallstát lena mbaineann a chéile. Is minic a chuireann bacainní teanga isteach ar mhalartú trasteorann faisnéise. Ar an gcúis sin, ba cheart rialacha a bhunú maidir le húsáid teangacha ina gcuirfear iarrataí ar fhaisnéis a chuirfear faoi bhráid na bpointí teagmhála aonair ar fáil, an fhaisnéis atá le cur ar fáil ag na pointí teagmhála aonair mar aon le haon chumarsáid eile a bhaineann leo, amhail diúltuithe agus soiléirithe. Ba cheart do na rialacha sin cothromaíocht a bhaint amach idir, ar thaobh amháin, urraim a thabhairt don éagsúlacht teanga laistigh den Aontas agus costais an aistriúcháin a choimeád chomh teoranta agus is féidir agus, ar an taobh eile, na riachtanais oibríochtúla a bhaineann le malartú leormhaith agus mear faisnéise thar theorainneacha. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit liosta a bhunú ina mbeidh teanga [...] amháin nó níos mó [...] dá rogha féin, ach ina mbeadh teanga amháin freisin a thuigtear go forleathan agus a úsáidtear go praiticiúil, eadhon Béarla. **Ba cheart an liosta teangacha sin a thabhairt cothrom le dáta agus ba cheart do gach Ballstát é a sholáthar don Choimisiún agus d'Ardrúnaíocht na Comhairle lena áireamh sna 'Bileoga Náisiúnta Eolais' a ghabhann leis an doiciméad ón gComhairle 'Lámhleabhar maidir le Malartú Faisnéise i bhForfheidhmiú an Dlí'.**



PUBLIC

(18) Is tosaíocht é go ndéanfaí tuilleadh forbartha ar Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) mar mhol faisnéise coiriúla don Aontas. Is é sin an fáth, nuair a dhéantar faisnéis nó aon chumarsáid ghaolmhar a mhalartú, is cuma má dhéantar sin de bhun iarraidh ar fhaisnéis arna tíolacadh chuig pointe teagmhála aonair nó chuig údarás forfheidhmithe dlí, nó ar a thionscnaimh féin, nár cheart cóip a sheoladh chuig Europol, ach a mhéid a bhaineann sé le cionta a thagann faoi raon feidhme chuspóirí Europol. **Téann an fhoráil seo níos faide ná Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus treisíonn sí forálacha Airteagal 7(6)(a) de chuid an Rialacháin sin, rud a fhágann faoi rogha an Bhallstáit é a chinneadh ar cheart faisnéis a sheoladh chuig an nGníomhaireacht.** Sa chleachtas, is féidir é sin a dhéanamh trí thic a chur sa bhosca SIENA comhfhreagrach trí réamhshocrú. **I gcásanna áirithe ina bhféadfadh tarchur faisnéise chuig Europol an tslándáil náisiúnta, imscrúdú atá ar siúl nó sábháilteacht duine aonair a chur i mbaol, nó ina ndéanfadh nochtadh na faisnéise prionsabal úinéireacht na sonraí a chur i mbaol, ba cheart go mbeadh na pointí teagmhála aonair agus na húdaráis forfheidhmithe dlí in ann maolú ar an seoladh éigeantach cóipe sin, rud a thugann bonn cirt le liosta eisceachtaí a bhunú i gcomhréir le hAirteagal 7(7) de Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Beidh an fhoráil seo gan dochar d'Airteagail 18 agus 19 de Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a bhaineann leis an gcuspóir atá le faisnéis a bheith á próiseáil ag Europol a chinneadh agus le srianta ar an bpróiseáil sin.**

PUBLIC

(19) Ba cheart iomadú na mbealaí cumarsáidí a úsáidtear chun faisnéis forfheidhmithe dlí a tharchur idir Ballstáit [...] a leigheas, toisc go gcuireann sé bac ar mhalartú leormhaith agus mear na faisnéise sin. Dá bhrí sin, maidir le húsáid an iarratais ar líonra slán um malartú faisnéise dá ngairtear SIENA, arna bhainistiú ag Europol i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/794, ba cheart an úsáid sin a dhéanamh éigeantach do gach tarchur agus cumarsáid den sórt sin faoin Treoir seo, lena n-áirítear iarrataí ar fhaisnéis arna gcur faoi bhráid na bpointí teagmhála aonair agus go díreach chuig údaráis um fhorghníomhú an dlí a sheoladh, faisnéis a chur ar fáil ar iarrataí den sórt sin agus ar a dtionscnamh féin, cumarsáidí maidir le diúltuithe agus soiléirithe, chomh maith le cóipeanna chuig pointí teagmhála aonair agus chuig Europol. **Níor cheart feidhm a bheith ag an méid sin maidir le malartú inmheánach faisnéise laistigh de Bhallstát.** Chuige sin, ba cheart nasc díreach a bheith ag na pointí teagmhála aonair uile, chomh maith leis na húdaráis forfheidhmithe dlí uile a d'fhéadfadh a bheith páirteach i malartuithe den sórt sin, le SIENA. I ndáil leis sin, ba cheart foráil a dhéanamh d'idirthréimhse, áfach, chun go bhféadfar SIENA a chur i bhfeidhm go hiomlán. **Ina theannta sin, chun an staid oibríochtúil a chur san áireamh agus gan cur isteach ar an dea-chomhar idir údaráis forfheidhmithe dlí, bunaíodh liosta eisceachtaí chun aghaidh a thabhairt ar chásanna ina bhfuil údar maith le bealach cumarsáide slán eile a roghnú agus ina gcuirtear malartú faisnéise chun cinn.**

PUBLIC

(20) Chun sreabha faisnéise a shimpliú, a éascú agus a bhainistiú níos fearr, ba cheart do gach Ballstát pointe teagmhála aonair amháin a bhunú [...] a bheidh inniúil chun malartuithe faisnéise faoin Treoir seo a chomhordú. **Ba cheart do gach Ballstát, tar éis dó a phointe teagmhála aonair a bhunú, an fhaisnéis sin a sholáthar don Choimisiún chun go bhfoilseofar í ina dhiaidh sin agus ba cheart dó an fhaisnéis sin a thabhairt cothrom le dáta i gcás inar gá. Ba cheart do gach Ballstát an fhaisnéis chéanna a sholáthar d'Ardrúnaíocht na Comhairle lena háireamh sna 'Bileoga Eolais Náisiúnta' a ghabhann leis an doiciméad ón gComhairle 'Lámhleabhar maidir le Malartú Faisnéise i bhForfheidhmiú an Dlí'.** Ba cheart do na pointí teagmhála aonair, go háirithe, rannchuidiú le hilroinnt réimse oibre na n-údarás forfheidhmithe dlí a mhaolú, go háirithe i ndáil le sreabha faisnéise, mar fhreagairt ar an ngá méadaitheach atá ann dul i ngleic go comhpháirteach le coireacht trasteorann, amhail gáinneáil ar dhrugaí agus sceimhlitheoireacht. Chun go mbeidh na pointí teagmhála aonair in ann a bhfeidhmeanna comhordaithe a chomhlíonadh go héifeachtach i ndáil le malartú trasteorann faisnéise chun críocha fhorfheidhmiú an dlí faoin Treoir seo, ba cheart roinnt íoschúraimí sonracha a shannadh dóibh agus ba cheart íoschumais áirithe a bheith acu freisin.

(21) Ar chumais na bpointí teagmhála aonair sin, ba cheart a áireamh rochtain a bheith acu ar an bhfaisnéis uile atá ar fáil laistigh dá Bhallstát féin, **cé acu atá an fhaisnéis sin inrochtana go díreach nó go hindíreach ag na húdaráis forfheidhmithe dlí i gcomhréir le haithris (9ú)**, lena n-áirítear trí rochtain sholáimhsithe a bheith acu ar gach bunachar sonraí agus ardán ábhartha de chuid an Aontais agus idirnáisiúnta, i gcomhréir leis na módúlachtaí a shonraítear i ndlí an Aontais agus sa dlí náisiúnta is infheidhme. Chun go mbeidh na pointí teagmhála aonair in ann ceanglais na Treorach seo a chomhlíonadh, go háirithe na ceanglais a bhaineann leis na teorainneacha ama, ba cheart acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil do na pointí teagmhála aonair, lena n-áirítear acmhainneachtaí aistriúcháin leordhóthanacha, agus ba cheart dóibh a bheith ag feidhmiú de ló agus d'oíche. I ndáil leis sin, má bhíonn deasc thosaigh in ann iarrataí ar fhaisnéis a bheadh ag teacht isteach a scagadh, a phróiseáil agus a sheoladh, d'fhéadfadh sé cur lena n-éifeachtúlacht agus lena n-éifeachtacht. Ba cheart a áireamh ar na cumais sin freisin údaráis bhreithiúnacha a bheith i láthair, i gcónaí, atá inniúil chun údaruithe breithiúnacha riachtanacha a dheonú. Sa chleachtas, is féidir é sin a dhéanamh, mar shampla, trína áirithiú go mbeidh na húdaráis bhreithiúnacha sin i láthair go fisiciúil nó go mbeidh siad ar fáil go feidhmiúil, bíodh siad laistigh d'áitreabh an phointe teagmhála aonair nó ar fáil go díreach arna n-iarraidh sin.

PUBLIC

(22) Chun go mbeidh siad in ann a bhfeidhmeanna comhordaithe a fheidhmiú go héifeachtach faoin Treoir seo, ba cheart na pointí teagmhála aonair a bheith comhdhéanta d'ionadaithe ó na húdaráis forfheidhmithe dlí náisiúnta a bhfuil gá lena rannpháirtíocht chun faisnéis a mhalartú go leormhaith agus go mear faoin Treoir seo. Cé gur faoi gach Ballstát atá sé cinneadh a dhéanamh maidir leis an eagrú beacht agus an comhdhéanamh is gá chun an ceanglas sin a chomhlíonadh, féadfaidh póilíní, údaráis chustaim agus údaráis forfheidhmithe dlí eile a bheith ar na hionadaithe sin atá inniúil chun cionta coiriúla a chosc, a bhrath nó a imscrúdú, mar aon le pointí teagmhála féideartha do na hoifigí réigiúnacha agus déthaobhacha, amhail oifigigh idirchaidrimh agus attaché-anna ar iasacht nó arna bpostú i mBallstáit eile agus gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais um fhorfheidhmiú an dlí, amhail Europol. Ar mhaithe le comhordú éifeachtach, áfach, ar a laghad, ba cheart na pointí teagmhála aonair a bheith comhdhéanta d'ionadaithe ó aonad náisiúnta Europol, ó Bhiúró SIRENE[...] agus ó Bhiúró Lárnach Náisiúnta Interpol, mar a bunaíodh faoin reachtaíocht ábhartha agus d'ainneoin nach bhfuil an Treoir seo infheidhme maidir le malartuithe faisnéise a rialaítear go sonrach le reachtaíocht sin an Aontais.

(23) Tá gá le cur i bhfeidhm agus oibriú córais bainistithe cásanna aonair leictreonaigh a bhfuil feidhmeanna agus íoschumais áirithe ag na pointí teagmhála aonair chun gur féidir leo a gcúraimí faoin Treoir seo a chur i gcrích ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil, go háirithe maidir le bainistiú faisnéise. **Ba cheart caighdeán na formáide uilíche teachtaireachta (UMF) a úsáid i bhforbairt an chórais bainistithe cásanna. Moltar d'údaráis na mBallstát agus do Europol caighdeán UMF a úsáid, ar cheart dó a bheith mar chaighdeán le haghaidh malartú struchtúrtha trasteorann faisnéise idir córais faisnéise, údaráis nó eagraíochtaí i réimse an Cheartais agus Gnóthaí Baile.**

(24) Chun go mbeifear in ann an faireachán agus an mheastóireacht is gá a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Treorach seo, ba cheart ceangal a bheith ar na Ballstáit sonraí áirithe a bhailiú agus a sholáthar don Choimisiún ar bhonn bliantúil. Tá an ceanglas seo riachtanach, go háirithe, chun leigheas a fháil ar an easpa sonraí inchomparáide lena ndéantar malartuithe faisnéise ábhartha a chainníochtú agus chun oibleagáid tuairiscithe an Choimisiúin a éascú. **Na sonraí is gá a ghiniúint, ba cheart iad a ghiniúint go huathoibríoch leis an gcóras bainistithe cásanna agus le SIENA.**

(25) Mar gheall ar ghné thrasteorann na coireachta agus na sceimhlitheoireachta, ní mór do na Ballstáit brath ar a chéile chun dul i ngleic leis na cionta coiriúla sin. Ní féidir leis na Ballstáit, agus iad ag gníomhú leo féin, sreafaí faisnéise leormhaithe agus meara a bhaint amach idir na húdaráis forfheidhmithe dlí ábhartha agus chuig Europol. De bharr scála agus éifeachtaí na gníomhaíochta, is fearr is féidir é sin a bhaint amach ar leibhéal an Aontais trí rialacha comhchoiteanna a bhunú maidir le malartú faisnéise. Dá bhrí sin, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

PUBLIC

(26) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh na Treorach seo agus níl sí faoi cheangal aici ná faoi réir a cur i bhfeidhm. Ós rud é go gcuireann an Treoir seo le acquis Schengen, ba cheart an Danmhairg, i gcomhréir le hAirteagal 4 den Phrótacal sin, a chinneadh laistigh de thréimhse 6 mhí tar éis don Chomhairle cinneadh a dhéanamh ar an Treoir seo, an gcuirfidh sí chun feidhme ina dlí náisiúnta í.

(27) Is é atá sa Treoir seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen a bhfuil Éire rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle[17]; Dá bhrí sin, tá Éire rannpháirteach i nglacadh na Treorach seo agus tá sí faoi cheangal aici.

(28) Maidir leis an Íoslainn agus leis an Iorua, is é atá sa Treoir seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen[18] a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear i bpointe H d'Airteagal 1 de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle[19].

[17] **Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de chuid acquis Schengen** (IO L 64, 7.3.2002).

[18] IO L 176, 10.7.1999, lch. 36.

[19] Cinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socruithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le acquis Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 176, 10.7.1999).



PUBLIC

(29) Maidir leis an Eilvéis, is é atá sa Treoir seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schenge[20]n a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear i bpointe H d'Airteagal 1 de Chinneadh 1999/437/CE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/146/CE ón gComhairle[21] agus le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/149/CGB ón gComhairle[22].

PUBLIC

[20] IO L 53, 27.2.2008, lch. 52.

[21] Cinneadh 2008/146/CE ón gComhairle an 28 Eanáir 2008 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, ar son an Chomhphobail Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le acquis Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 53, 27.2.2008).

[22] Cinneadh 2008/149/CGB ón gComhairle an 28 Eanáir 2008 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 53, 27.2.2008).

(30) Maidir le Lichtinstéin, is é atá sa Treoir seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen[23] a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear i bpointe H d'Airteagal 1 de Chinneadh 1999/437/CE arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2011/350/AE ón gComhairle[24] agus le hAirteagal 3 de Chinneadh 2011/349/AE ón gComhairle[25],

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

PUBLIC

---

[23] IO L 160, 18.6.2011, lch. 21.

[24] Cinneadh 2011/350/AE ón gComhairle an 7 Márta 2011 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail, ar son an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le acquis Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, a bhaineann le seiceálacha ag na teorainneacha inmheánacha a dhíothú agus le gluaiseacht daoine (IO L 160, 18.6.2011).

[25] Cinneadh 2011/349/AE ón gComhairle an 7 Márta 2011 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail, ar son an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le acquis Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an gcomhar breithiúnach in ábhair choiriúla agus leis an gcomhar póilíneachta (IO L 160, 18.6.2011).

## Caibidil I

## Forálacha ginearálta

*Airteagal 1*

***Ábhar agus raon feidhme***

1. Leis an Treoir seo, bunaítear rialacha maidir le malartú faisnéise idir údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát [...] chun cionta coiriúla a chosc, a bhrath nó a imscrúdú.

Go háirithe, leis an Treoir seo bunaítear rialacha maidir leis an méid seo a leanas:

(a) iarrataí ar fhaisnéis a chuirtear faoi bhráid na bpointí teagmhála aonair arna mbunú [...] ag na Ballstáit, go háirithe maidir le hábhar na n-iarrataí sin, **soláthar faisnéise de bhun na n-iarrataí sin,** teorainneacha ama éigeantacha chun an fhaisnéis iarrtha a sholáthar, **agus** na cúiseanna le diúltú na n-iarrataí sin[...];

(b) faisnéis ábhartha a sholáthar ar a thionscnamh féin do phointí teagmhála aonair nó do na húdaráis forfheidhmithe dlí i mBallstáit eile, go háirithe na cásanna agus an bealach ina soláthrófar an fhaisnéis sin;

(c) an bealach cumarsáide atá le húsáid le haghaidh [...] malartuithe faisnéise **faoin Treoir seo** agus an fhaisnéis atá le cur ar fáil do na pointí teagmhála aonair i ndáil le faisnéis a bheith á malartú go díreach idir údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát;

(d) bunú an phointe teagmhála aonair, maille lena chúraimí, a chomhdhéanamh agus a chumais, lena n-áirítear maidir le córas bainistithe cásanna leictreonach amháin **lena soláthraítear na feidhmeanna agus na cumais a leagtar amach in Airteagal 16(1)** a chur in úsáid [...] le haghaidh na gcúraimí **a leagtar amach in Airteagal 14(2).**

PUBLIC

2. Ní bheidh feidhm ag an Treoir seo maidir le malartuithe faisnéise idir údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát chun cionta coiriúla a chosc, a bhrath nó a imscrúdú ar cionta iad a rialaítear go sonrach le gníomhartha eile de dhlí an Aontais. **Gan dochar dá n-oibleagáidí faoin Treoir seo agus faoi ghníomhartha eile de dhlí an Aontais, féadfaidh na Ballstáit forálacha a ghlacadh nó a choimeád lena n-éascaítear a thuilleadh an malartú faisnéise idir** [...] **údaráis forfheidhmithe dlí i mBallstáit eile chun críocha cionta coiriúla a chosc, a bhrath nó a imscrúdú, lena n-áirítear trí bhíthin socruithe déthaobhacha nó iltaobhacha arna dtabhairt i gcrích ag na Ballstáit.**

3. Leis an Treoir seo, ní fhorchuirtear aon oibleagáid ar na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) faisnéis a fháil trí bhíthin bearta comhéigneacha[...] ;

(b) faisnéis a stóráil chun **í a chur ar fáil d'údaráis forfheidhmithe dlí i mBallstáit eile, agus** chun na críche **sin amháin** [...];

(c) faisnéis a chur ar fáil do na húdaráis forfheidhmithe dlí i mBallstáit eile lena húsáid mar fhianaise in imeachtaí breithiúnacha**.**

4. Leis an Treoir seo, ní bhunaítear aon cheart chun an fhaisnéis a chuirtear ar fáil i gcomhréir leis an Treoir seo a úsáid mar fhianaise in imeachtaí breithiúnacha. **Féadfaidh an Ballstát a sholáthraíonn an fhaisnéis a thoiliú go bhféadfar an fhaisnéis sin a úsáid mar fhianaise in imeachtaí breithiúnacha, lena n-áirítear, más gá, faoin dlí náisiúnta, trí bhíthin ionstraimí atá i bhfeidhm idir na Ballstáit maidir le comhar breithiúnach.**

*Airteagal 2*

***Sainmhínithe***

Chun críoch na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'údarás forfheidhmithe dlí' aon údarás de chuid na mBallstát atá inniúil faoin dlí náisiúnta chun cionta coiriúla a chosc, a bhrath nó a imscrúdú**, lena n-áirítear na húdaráis sin atá rannpháirteach in eintitis chomhpháirteacha arna mbunú idir dhá Bhallstát nó níos mó ar bhonn socruithe déthaobhacha nó iltaobhacha chun cionta coiriúla a chosc, a bhrath nó a imscrúdú. Maidir le gníomhaireachtaí nó aonaid a bhíonn ag déileáil go speisialta le saincheisteanna slándála náisiúnta agus le hoifigigh idirchaidrimh atá ar iasacht de bhun Airt. 47 CISA, ní chumhdaítear iad faoin sainmhíniú seo ar údarás forfheidhmithe dlí;**

**(1a) ciallaíonn 'údarás ainmnithe forfheidhmithe dlí' údarás forfheidhmithe dlí a bhfuil údarú aige iarrataí ar fhaisnéis a chur isteach chuig pointí teagmhála aonair na mBallstát eile i gcomhréir le hAirteagal 4(1);**

(2) ciallaíonn 'cionta coiriúla **tromchúiseacha'** aon cheann díobh seo a leanas:

(a) cionta dá dtagraítear in Airteagal 2(2) de Chinneadh Réime 2002/584/CGB ón gComhairle[26];

(b) cionta dá dtagraítear in Airteagal 3(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2016/794;

(c) [...]

[26] Cinneadh Réime 2002/584/CGB ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir leis an mBarántas Gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta um thabhairt suas idir Ballstáit (IO L 190, 18.7.2002, lch. 1).



PUBLIC

(3) ciallaíonn ‘faisnéis’ aon ábhar a bhaineann le duine nádúrtha **nó dlítheanach** amháin nó níos mó, le fíricí nó le himthosca atá ábhartha d’údaráis forfheidhmithe dlí **chun** [...] a gcúraimí **a fheidhmiú** faoin dlí náisiúnta maidir le cionta coiriúla **nó faisnéis choiriúil** a chosc, a bhrath nó a imscrúdú;

(4) ciallaíonn faisnéis atá ‘ar fáil’ faisnéis **atá i mbunachar sonraí a bhfuil rochtain dhíreach** ag pointe teagmhála aonair nó ag údaráis forfheidhmithe dlí an Bhallstáit iarrtha air **(rochtain dhíreach)**, nó faisnéis ar féidir leis na pointí teagmhála sin nó na húdaráis forfheidhmithe dlí sin a fháil ó údaráis phoiblí eile nó ó pháirtithe príobháideacha atá bunaithe sa Bhallstát sin**, i gcás ina gceadaítear sin faoin dlí náisiúnta agus i gcomhréir leis an dlí náisiúnta,** gan bearta comhéigneacha a dhéanamh **(rochtain indíreach)**;

(5) ciallaíonn ‘SIENA’ an Feidhmchlár Líonra um Malartú Slán Faisnéise, arna bhainistiú **agus arna fhorbairt** ag Europol, feidhmchlár atá dírithe ar mhalartú faisnéise a éascú idir na Ballstáit agus Europol;

(6) ciallaíonn ‘sonraí pearsanta’ sonraí pearsanta mar a shainmhínítear i [...] bpointe (1) d’Airteagal **3** [...] de **Threoir** (AE) 2016/6**80** [...]**;**

**(7) ciallaíonn ‘Ballstát iarrthach’ an Ballstát a gcuireann a phointe teagmhála aonair nó a údarás ainmnithe forfheidhmithe dlí iarraidh ar fhaisnéis isteach i gcomhréir le hAirteagal 4;**

**(8) ciallaíonn ‘Ballstát iarrtha’ an Ballstát a bhfaigheann a phointe teagmhála aonair iarraidh ar fhaisnéis i gcomhréir le hAirteagal 4.**



PUBLIC

*Airteagal 3*

***Prionsabail an mhalartaithe faisnéise***

PUBLIC

I dtaca leis na malartuithe faisnéise uile faoin Treoir seo, déanfaidh na Ballstáit an méid seo a leanas a áirithiú:

(a) go ndéantar [...] faisnéis [...] atá ar fáil *[...]* **dá b**pointe teagmhála aonair nó [...] **dá n-**údaráis forfheidhmithe dlí [...] a sholáthar don phointe teagmhála aonair nó do na húdaráis forfheidhmithe dlí i mBallstáit eile **i gcomhréir leis an Treoir seo** ('prionsabal na hinfhaighteachta');

(b) na coinníollacha faoina n-iarrfar faisnéis ar [...] **na** pointí teagmhála aonair [...] i mBallstáit eile, agus na coinníollacha maidir le faisnéis a chur ar fáil do na pointí teagmhála aonair agus na húdaráis **ainmnithe** forfheidhmithe dlí i mBallstáit eile, go bhfuil siad coibhéiseach leis na coinníollacha is infheidhme maidir le faisnéis chomhchosúil a iarraidh [...] agus a sholáthar **ar an leibhéal náisiúnta** ('prionsabal na rochtana coibhéisí');

(c) an fhaisnéis a sholáthraítear do [...] **na** pointí teagmhála aonair nó do na húdaráis forfheidhmithe dlí i mBallstáit eile agus atá marcáilte mar fhaisnéis rúnda, go bhfuil an fhaisnéis sin cosanta a**cu** [...] i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i ndlí náisiúnta an Bhallstáit sin, ar ceanglais iad a bhfuil an leibhéal céanna rúndachta i gceist leo ('prionsabal na rúndachta').

**(d) i gcás gur ó Bhallstát eile nó ó thríú tír a fhaightear, i dtús báire, an fhaisnéis a iarradh, ní fhéadfar an fhaisnéis sin a sholáthar d'údarás forfheidhmithe dlí i mBallstát eile nó do Europol ach amháin le toiliú an Bhallstáit nó an tríú tír sin a chuir an fhaisnéis ar fáil i dtús báire agus de réir na gcoinníollacha arna bhforchur ag an mBallstát nó ag an tríú tír sin maidir le húsáid na faisnéis sin, murar rud é gur thoiligh an Ballstát nó an tríú tír sin roimh ré go bhféadfaí an fhaisnéis sin a sholáthar ('prionsabal úinéireacht na sonraí').**

## Caibidil II

## Malartuithe faisnéise trí phointí teagmhála aonair

*Airteagal 4*

***Iarrataí ar fhaisnéis chuig an bpointe teagmhála aonair***

1. Áiritheoidh na Ballstáit [...] **go gcomhlíonfaidh an iarraidh ar fhaisnéis a chuirfidh** a bpointe teagmhála aonair agus, i gcás ina mbeidh cinneadh déanta acu amhlaidh, a n-údaráis ainmnithe forfheidhmithe dlí, faoi bhráid phointí teagmhála aonair **i m**Ballstát eile, **go gcomhlíonfaidh sí** na coinníollacha a leagtar amach i míreanna 2 go 5.

**Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún maidir le liosta na n-údarás forfheidhmithe dlí atá ainmnithe ar an leibhéal náisiúnta chun iarrataí ar fhaisnéis a chur isteach go díreach chuig pointí teagmhála aonair i mBallstáit eile. Déanfaidh siad an fhaisnéis sin a nuashonrú i gcás inar gá.**

[...] áiritheoidh [...] **na Ballstáit** go seolfaidh [...] **a n-**údaráis **ainmnithe forfheidhmithe dlí**, an tráth céanna a chuirfidh siad na hiarrataí sin isteach, cóip de na hiarrataí sin [...] chuig pointe teagmhála aonair an Bhallstáit sin. **Ar na cúiseanna eisceachtúla a leagtar amach i mír 1d, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh cead a thabhairt dá n-údaráis ainmnithe forfheidhmithe dlí gan an chóip sin a sheoladh.**

PUBLIC

PUBLIC

**1a. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh cead a thabhairt dá n-údaráis ainmnithe forfheidhmithe dlí gan cóip de na hiarrataí sin a sheoladh chuig pointe teagmhála aonair an Bhallstáit sin, an tráth céanna a chuirfidh siad na hiarrataí isteach i gcomhréir le mír 1, sna cásanna seo a leanas:**

**(a) imscrúduithe an-íogair a bhfuil leibhéal iomchuí rúndachta de dhíth orthu chun a gcuid faisnéise a phróiseáil, i gcás ina bhféadfaí an t-imscrúdú a chur i mbaol;**

**(b) cásanna sceimhlitheoireachta nach mbaineann cásanna éigeandála ná bainistithe géarchéime leo;**

**(c) cosaint daoine aonair a bhféadfadh a sábháilteacht a bheith i mbaol.**

2. Ní chuirfear iarrataí ar fhaisnéis chuig pointe teagmhála aonair Ballstáit eile ach amháin i gcás ina bhfuil cúiseanna oibiachtúla ann leis an méid seo a leanas a chreidiúint:

(a) go bhfuil an fhaisnéis iarrtha riachtanach agus comhréireach chun an cuspóir dá dtagraítear in Airteagal 1(1) a bhaint amach;

(b) go bhfuil an fhaisnéis iarrtha ar fáil [...] don [...] Bhallstát **sin, mar a shainítear in Airteagal 2(4).**

3. Aon iarraidh ar fhaisnéis chuig pointe teagmhála aonair i mBallstát eile, sonrófar an bhfuil práinn léi nó nach bhfuil.

Measfar na hiarrataí ar fhaisnéis sin a bheith práinneach más rud é, ag féachaint d'fhíorais agus d'imthosca ábhartha uile an cháis i dtrácht, go bhfuil cúiseanna oibiachtúla ann lena chreidiúint go bhfuil ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas fíor i leith na faisnéise iarrtha:

(a) tá an fhaisnéis iarrtha fíor-riachtanach chun bagairt thromchúiseach láithreach do shlándáil phoiblí Ballstáit a chosc;

(b) tá an fhaisnéis iarrtha riachtanach chun [...] **beatha nó sláine fhisiciúil** duine atá i ngarbhaol a chosaint;

(c) tá an fhaisnéis iarrtha riachtanach chun cinneadh a ghlacadh a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis bearta sriantacha a choimeád ar bun arb ionann iad agus cailleadh saoirse;

(d) tá garbhaol ann nach mbeidh an fhaisnéis iarrtha ábhartha a thuilleadh mura gcuirfear ar fáil go práinneach í.

4. Beidh gach míniú is gá in iarrataí ar fhaisnéis chuig pointe teagmhála aonair Ballstáit eile chun a bpróiseáil leormhaith agus mhear a áirithiú i gcomhréir leis an Treoir seo, lena n-áirítear an méid seo a leanas ar a laghad:

(a) sonrú ar an bhfaisnéis iarrtha atá chomh mionsonraithe agus is féidir le réasún sna himthosca áirithe;

(b) tuairisc ar an gcuspóir a bhfuil an fhaisnéis á hiarraidh chuige**, lena n-áirítear tuairisc ar fhíorais agus ar thásc an bhunchiona;**

(c) na cúiseanna oibiachtúla ar dá réir a chreidtear go bhfuil an fhaisnéis iarrtha ar fáil [...] **don** Bhallstáit **sin, mar a shainítear in Airteagal 2(4);**

(d) míniú ar an nasc idir an cuspóir agus duine **ar bith nó ábhar ar bith** [...] lena mbaineann an fhaisnéis, i gcás inarb infheidhme;

(e) na cúiseanna a meastar go bhfuil an iarraidh phráinneach, i gcás inarb infheidhme**;**

**(f) srianta ar úsáid na faisnéise atá san iarraidh chun críocha eile seachas na críocha ar chucu a cuireadh isteach í.**

5. Cuirfear iarrataí ar fhaisnéis chuig pointe teagmhála aonair Ballstáit eile isteach i gceann de na teangacha a áirítear sa liosta arna bhunú ag an mBallstát iarrtha agus foilseofar iad i gcomhréir le hAirteagal 11.

PUBLIC

*Airteagal 5*

***Soláthar faisnéise de bhun iarrataí chuig an bpointe teagmhála aonair***

1. Faoi réir mhír 2 den Airteagal seo agus faoi réir Airteagal 6(3), áiritheoidh na Ballstáit go soláthróidh a bpointe teagmhála aonair an fhaisnéis a iarradh i gcomhréir le hAirteagal 4 a luaithe is féidir agus [...] laistigh de na teorainneacha ama seo a leanas, de réir mar is infheidhme:

   (a) ocht n-uaire an chloig, i gcás iarrataí práinneacha a bhaineann le faisnéis **atá i mbunachar sonraí a bhfuil rochtain dhíreach ag pointe teagmhála aonair nó ag** [...] údaráis forfheidhmithe dlí an Bhallstáit iarrtha **air (rochtain dhíreach) i gcomhréir le hAirteagal 2(4)**[...];

   (b) trí lá féilire, i gcás iarrataí práinneacha a bhaineann le faisnéis **a fhéadfaidh an pointe teagmhála aonair nó** [...] údaráis forfheidhmithe dlí an Bhallstáit iarrtha **a fháil ó údaráis phoiblí eile nó ó pháirtithe príobháideacha atá bunaithe sa Bhallstát sin, i gcás ina gceadaítear sin faoin dlí náisiúnta agus i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, gan bearta comhéigneacha a dhéanamh (rochtain indíreach)**[...];

   (c) seacht lá féilire, i gcás gach iarrata **eile** [...].

   Tosóidh na [...] **teorainneacha** ama a leagtar síos sa chéad fhomhír tráth a bhfaighfear an iarraidh ar fhaisnéis.

PUBLIC

2. I gcás nach mbeidh an fhaisnéis iarrtha ar fáil faoina dhlí náisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 9 go dtí go mbeidh údarú breithiúnach faighte aige, féadfaidh an Ballstát iarrtha imeacht ó na teorainneacha ama [...] **a shocraítear** i mír 1 a mhéid is gá chun an t-údarú sin a fháil.

I gcásanna den sórt sin, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh a bpointe teagmhála aonair an dá ní seo a leanas:

(i) [...] an Ballstát iarrthach a chur ar an eolas láithreach maidir leis an moill a mheastar a bheidh ann, agus sonrófar ann fad na moille a mheastar a bheidh ann agus na cúiseanna atá léi;

(ii) an fhaisnéis a choinneáil cothrom le dáta ina dhiaidh sin agus an fhaisnéis iarrtha a chur ar fáil a luaithe is féidir tar éis an t-údarú breithiúnach a fháil.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go soláthróidh a bpointe teagmhála aonair an fhaisnéis a iarradh i gcomhréir le hAirteagal 4 don [...] Bhallstát iarrthach, sa teanga inar cuireadh an iarraidh ar fhaisnéis sin isteach i gcomhréir le hAirteagal 4(5).

Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina soláthróidh a bpointe teagmhála aonair an fhaisnéis iarrtha d'údarás **ainmnithe** forfheidhmithe dlí an Bhallstáit iarrthaigh, go seolfaidh sé freisin, an tráth céanna, cóip den fhaisnéis chuig pointe teagmhála aonair an Bhallstáit sin.

**4. Ar na cúiseanna eisceachtúla a liostaítear in Airteagal 4(1a), féadfaidh na Ballstáit a chinneadh cead a thabhairt dá bpointe teagmhála aonair gan cóip den fhaisnéis sin a sheoladh, an tráth céanna a gcuirfear faisnéis ar fáil d'údaráis ainmnithe forfheidhmithe dlí i mBallstát eile i gcomhréir leis an Airteagal seo, chuig pointe teagmhála aonair an Bhallstáit sin.**

**5. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh a bpointe teagmhála aonair an Ballstát iarrthach ar an eolas mura bhfuil an fhaisnéis a iarradh ar fáil don phointe teagmhála aonair agus d'údaráis forfheidhmithe dlí an Bhallstáit iarrtha.**

PUBLIC

*Airteagal 6*

***Iarratais ar fhaisnéis a dhiúltú***

1. **Gan dochar d'Airteagal 3(b), á**iritheoidh na Ballstáit nach ndiúltóidh a bpointe teagmhála aonair an fhaisnéis a iarradh i gcomhréir le hAirteagal 4 a sholáthar ach amháin a mhéid go mbeidh feidhm ag aon cheann de na cúiseanna seo a leanas:

(a) [...]

(b) ní chomhlíonann an iarraidh ar fhaisnéis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 4;

(c) diúltaíodh an t-údarú breithiúnach a éilítear faoi dhlí náisiúnta an Bhallstáit iarrtha i gcomhréir le hAirteagal 9;

(d) [...]

(e) tá cúiseanna oibiachtúla ann lena chreidiúint go mbeadh ceann de na cásanna seo a leanas i gceist dá ndéanfadh an fhaisnéis iarrtha a sholáthar:

(i) go mbeadh sé ag teacht salach ar leasanna bunúsacha shlándáil **náisiúnta** an Bhallstáit iarrtha nó **go ndéanfadh sé dochar** dóibh;

(ii) go gcuirfeadh sé imscrúdú atá ar siúl maidir le cion coiriúil i mbaol; nó;

(iii) **go gcuirfeadh sé sábháilteacht duine aonair i mbaol** [...].



PUBLIC

**(f)** **go mbaineann an iarraidh le cion is inphionóis le huastéarma príosúnachta aon bhliana nó níos lú faoi dhlí an Bhallstáit iarrtha nó go mbaineann an iarraidh le hábhar nach cion é faoi dhlí an Bhallstáit sin;**

**(g)** **go bhfuarthas an fhaisnéis iarrtha i dtús báire ó Bhallstát eile nó ó thríú tír agus nár thoiligh an Ballstát nó an tríú tír sin, arna iarraidh sin, leis an bhfaisnéis a sholáthar.**

Déanfaidh aon diúltú difear don chuid den fhaisnéis iarrtha lena mbaineann na cúiseanna a leagtar amach sa chéad fhomhír agus don chuid sin amháin agus, i gcás inarb infheidhme, ní dhéanfaidh an diúltú difear don oibleagáid maidir leis na codanna eile den fhaisnéis a sholáthar i gcomhréir leis an Treoir seo.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh a bpointe teagmhála aonair an diúltú in iúl don [...] Bhallstát iarrtha**c**h, agus sonróidh siad na cúiseanna leis an diúltú, laistigh de na teorainneacha ama dá bhforáiltear in Airteagal 5(1).

3. Áiritheoidh na Ballstáit go n-iarrfaidh a bpointe teagmhála aonair soiléirithe breise a mbeidh gá leo chun próiseáil a dhéanamh ar iarraidh ar fhaisnéis nár mhór a dhiúltú seachas sin, agus go n-iarrfaidh siad na soiléirithe sin láithreach **ón** [...] **mBallstát iarrthach**.

Cuirfear na teorainneacha ama dá dtagraítear in Airteagal 5(1) ar fionraí ón uair a gheobhaidh [...] an Ballstát iarrtha**c**h an iarraidh ar shoiléirithe, go dtí go bhfaighidh pointe teagmhála aonair an Bhallstáit iarrtha na soiléirithe.

4. Na diúltuithe, na cúiseanna leis na diúltuithe, na hiarrataí ar shoiléiriú agus na soiléirithe dá dtagraítear i míreanna 3 agus 4, mar aon le haon chumarsáid eile a bhaineann leis na hiarrataí ar fhaisnéis chuig pointe teagmhála aonair Ballstáit eile, déanfar iad a tharchur sa teanga inar cuireadh an iarraidh sin isteach i gcomhréir le hAirteagal 4(5).

## Caibidil III

## Malartuithe faisnéise eile

*Airteagal 7*

***Faisnéis a sholáthar ar a thionscnamh féin***

**0. Féadfaidh na Ballstáit, trína bpointe teagmhála aonair nó trína n-údaráis forfheidhmithe dlí, ar a dtionscnamh féin, faisnéis atá ar fáil dóibh a sholáthar do na pointí teagmhála aonair nó do na húdaráis forfheidhmithe dlí i mBallstát eile, i gcás ina bhfuil cúiseanna oibiachtúla ann lena chreidiúint go bhféadfadh an fhaisnéis sin a bheith ábhartha don Bhallstát sin chun na críocha dá dtagraítear in Airteagal 1(1).**

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh a bpointe teagmhála aonair nó a n-údaráis forfheidhmithe dlí, ar a dtionscnamh féin, [...] faisnéis atá ar fáil dóibh a sholáthar do na pointí teagmhála aonair nó do na húdaráis forfheidhmithe dlí i mBallstát eile, i gcás ina bhfuil cúiseanna oibiachtúla ann lena chreidiúint go bhféadfadh an fhaisnéis sin a bheith ábhartha don Bhallstát sin chun **cionta coiriúla tromchúiseacha a chosc, a bhrath nó a imscrúdú mar a shainmhínítear in Airteagal 2(2) [...]**. Ní bheidh aon oibleagáid den sórt sin ann, áfach, a mhéid a bheidh feidhm ag na cúiseanna dá dtagraítear in Airteagal 6(1), pointí (c) [...] nó (e) maidir leis an bhfaisnéis sin.

2. I gcás ina ndéanfaidh a bpointe teagmhála aonair nó a n-údaráis forfheidhmithe dlí faisnéis a sholáthar ar a dtionscnamh féin **don phointe teagmhála aonair i mBallstát eile** i gcomhréir le mír **0 agus mír 1**, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh siad amhlaidh i gceann de na teangacha a áirítear sa liosta arna bhunú ag an mBallstát **glactha** [...] agus arna fhoilsiú i gcomhréir le hAirteagal 11.

I gcás ina soláthróidh a bpointe teagmhála aonair [...] an fhaisnéis sin don údarás forfheidhmithe dlí i mBallstát eile, áiritheoidh na Ballstáit go seolfaidh siad freisin, an tráth céanna, cóip den fhaisnéis chuig pointe teagmhála aonair an Bhallstáit eile sin. **I gcás ina soláthróidh a n-údaráis forfheidhmithe dlí an fhaisnéis sin don phointe teagmhála aonair nó don údarás forfheidhmithe dlí i mBallstát eile, áiritheoidh na Ballstáit go seolfaidh siad freisin, an tráth céanna, cóip den fhaisnéis sin chuig a bpointe teagmhála aonair féin nó chuig pointe teagmhála aonair an Bhallstáit eile sin, de réir mar is iomchuí.**

**2a. Ar na cúiseanna eisceachtúla a liostaítear in Airteagal 4(1a), féadfaidh na Ballstáit a chinneadh cead a thabhairt dá n-údaráis forfheidhmithe dlí gan cóip den fhaisnéis sin a sheoladh, an tráth céanna a soláthróidh siad faisnéis don phointe teagmhála aonair nó do na húdaráis forfheidhmithe dlí i mBallstát eile i gcomhréir leis an Airteagal seo, chuig a bpointe teagmhála aonair féin nó chuig pointe teagmhála aonair an Bhallstáit sin.**

PUBLIC

*Airteagal 8*

***Malartuithe faisnéise nuair a chuirtear iarrataí go díreach faoi bhráid na n-údarás forfheidhmithe dlí***

**1.** I gcás ina gcuirfidh **a b**pointí teagmhála aonair [...] iarrataí ar fhaisnéis go díreach faoi bhráid na n-údarás forfheidhmithe dlí i mBallstát eile, [...] áiritheoidh na Ballstáit go **soláthróidh siad, an tráth céanna,** cóip [...] **den fhaisnéis sin** do phointe teagmhála aonair an Bhallstáit eile sin. ***Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina soláthróidh a n-údaráis forfheidhmithe dlí faisnéis de bhun na n-iarrataí sin, go soláthróidh siad, an tráth céanna, cóip den fhaisnéis sin dá bpointe teagmhála aonair féin.***

**1a. Ar na cúiseanna eisceachtúla a liostaítear in Airteagal 4(1a), féadfaidh na Ballstáit a chinneadh cead a thabhairt dá bpointe teagmhála aonair, an tráth céanna a iarrfar faisnéis ar na húdaráis forfheidhmithe dlí i mBallstát eile i gcomhréir le mír 1, gan cóip den iarraidh sin a sheoladh chuig pointe teagmhála aonair an Bhallstáit eile sin.** ***Ar na cúiseanna eisceachtúla a liostaítear in Airteagal 4(1a), féadfaidh na Ballstáit a chinneadh cead a thabhairt dá n-údaráis forfheidhmithe dlí, an tráth céanna a sholáthróidh siad faisnéis don phointe teagmhála aonair i mBallstát eile i gcomhréir le mír 1, gan cóip den fhaisnéis sin a sheoladh chuig a bpointe teagmhála aonair féin.***

**2. I gcás ina gcuirfidh a n-údaráis forfheidhmithe dlí iarrataí ar fhaisnéis nó ina soláthróidh siad faisnéis de bhun na n-iarrataí sin go díreach do na húdaráis forfheidhmithe dlí i mBallstát eile, áiritheoidh na Ballstáit go soláthróidh siad, an tráth céanna, cóip den iarraidh sin nó den fhaisnéis** [...] **sin dá b**pointe teagmhála aonair [...] **féin agus do phointe teagmhála aonair an Bhallstáit eile sin freisin.**

**2a. Ar na cúiseanna eisceachtúla a liostaítear in Airteagal 4(1a), féadfaidh na Ballstáit a chinneadh cead a thabhairt dá n-údaráis forfheidhmithe dlí, an tráth céanna a dhéanfar an iarraidh ar fhaisnéis ar na húdaráis forfheidhmithe dlí i mBallstát eile nó a soláthrófar faisnéis dóibh i gcomhréir le mír 2, gan cóip den iarraidh sin nó den fhaisnéis sin a sheoladh chuig a bpointe teagmhála aonair féin nó chuig pointe teagmhála aonair an Bhallstáit eile sin.**

PUBLIC

## Caibidil IV

## Rialacha breise maidir le faisnéis a sholáthar faoi Chaibidlí II agus III

*Airteagal 9*

***Údarú breithiúnach***

1. Ní éileoidh na Ballstáit aon údarú breithiúnach chun faisnéis a sholáthar do na pointí teagmhála aonair nó **don** údarás forfheidhmithe dlí i mBallstát eile faoi Chaibidil II agus faoi Chaibidil III, i gcás nach mbeidh feidhm ag ceanglas den sórt sin maidir le soláthar faisnéise den chineál céanna [...] **ar an leibhéal náisiúnta**.

2. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina n-éilíonn a ndlí náisiúnta údarú breithiúnach chun faisnéis a sholáthar do [...] Bhallstát eile i gcomhréir le mír 1, go ndéanfaidh a bpointe teagmhála aonair nó a n-údaráis forfheidhmithe dlí gach beart is gá láithreach, i gcomhréir lena ndlí náisiúnta, chun an t-údarú breithiúnach sin a fháil a luaithe is féidir.

3. Déanfar na hiarrataí ar údarú breithiúnach dá dtagraítear i mír 1 a mheasúnú agus déanfar cinneadh fúthu i gcomhréir le dlí náisiúnta an Bhallstát ina bhfuil an t-údarás breithiúnach inniúil.

PUBLIC

*Airteagal 10*

***Rialacha breise maidir le faisnéis ar sonraí pearsanta atá inti***

I gcás ina ndéanfaidh a bpointe teagmhála aonair nó a n-údaráis forfheidhmithe dlí faisnéis a sholáthar faoi Chaibidlí II agus III ar sonraí pearsanta í an fhaisnéis sin, áiritheoidh na Ballstáit an méid seo a leanas:

(i) go bhfuil na catagóirí sonraí pearsanta a sholáthraítear fós teoranta do na catagóirí a liostaítear i Roinn B, pointe 2, d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/794, ar catagóirí iad atá **riachtanach agus comhréireach chun cuspóir na hiarrata a bhaint amach**;

(ii) go ndéanann a bpointe teagmhála aonair nó a n-údaráis forfheidhmithe dlí, an tráth céanna agus a mhéid is féidir, na heilimintí is gá a sholáthar freisin, eilimintí a chuireann ar chumas phointe teagmhála aonair nó údarás forfheidhmithe dlí an Bhallstáit eile measúnú a dhéanamh ar leibhéal cruinnis, iomláine agus iontaofachta na sonraí pearsanta, agus ar a mhéid atá na sonraí pearsanta cothrom le dáta.

*Airteagal 11*

***Liosta teangacha***

1. Déanfaidh na Ballstáit liosta a bhunú agus a choinneáil cothrom le dáta den teanga nó de na [...] teangacha [...] ina mbeidh a bpointe teagmhála aonair in ann **faisnéis a mhalartú** [...]. Beidh Béarla ar an liosta sin.

2. Cuirfidh na Ballstáit na liostaí sin ar fáil don Choimisiún, mar aon le haon nuashonrú orthu. [...]



PUBLIC

*Airteagal 12*

***Faisnéis a sholáthar do Europol***

**1.** I gcás ina seolfaidh a bpointe teagmhála aonair nó a n-údaráis forfheidhmithe dlí iarrataí ar fhaisnéis, nó ina soláthróidh siad faisnéis de bhun na n-iarrataí sin, nó ina soláthróidh siad faisnéis ar a dtionscnamh féin [...] faoi Chaibidlí II agus III, áiritheoidh na Ballstáit go seolfaidh siad freisin cóip den mhéid sin chuig Europol an tráth céanna, a mhéid a bhfuil gaol ag an bhfaisnéis lena mbaineann an chumarsáid le cionta a thagann faoi raon feidhme chuspóirí Europol i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/794.

**2. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh gan cóip a sholáthar do Europol nó an soláthar cóipe a chur siar i gcás go mbeadh an soláthar sin:**

**(a) ag teacht salach ar leasanna bunúsacha shlándáil náisiúnta an Bhallstáit nó go ndéanfadh sé dochar dóibh;**

**(b) go gcuirfeadh sé imscrúdú atá ar siúl maidir le cion coiriúil i mbaol;**

**(c) go gcuirfeadh sé sábháilteacht duine aonair i mbaol;**

**(d) go nochtfadh sé faisnéis a bhaineann le heagraíochtaí nó le gníomhaíochtaí sonracha eolais i réimse na slándála náisiúnta;**

**(e) go nochtfadh sé faisnéis a fuarthas ar dtús ó Bhallstát eile nó ó thríú tír agus nár thoiligh an Ballstát nó an tríú tír sin, arna iarraidh sin, leis an bhfaisnéis a sholáthar.**

PUBLIC

*Airteagal 13*

***SIENA a úsáid***

PUBLIC

1. I gcás ina seolfaidh a bpointe teagmhála aonair nó a n-údaráis forfheidhmithe dlí iarrataí ar fhaisnéis, nó ina gcuirfidh siad faisnéis ar fáil de bhun na n-iarrataí sin, nó ina soláthróidh siad faisnéis ar a dtionscnamh féin [...] faoi Chaibidlí II agus III nó faoi Airteagal 12, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh siad sin trí SIENA.

**1a. Féadfaidh na Ballstáit cead a thabhairt dá bpointe teagmhála aonair nó dá n-údaráis forfheidhmithe dlí gan SIENA a úsáid sna cásanna seo a leanas:**

**(a) gur cuireadh tús le malartuithe faisnéise trí bhealach cumarsáide Interpol;**

**(b) malartuithe faisnéise iltaobhacha a bhaineann freisin le tríú tíortha nó le heagraíochtaí idirnáisiúnta nach bhfuil bainteach le SIENA;**

**(c) más féidir malartuithe faisnéise níos tapúla a dhéanamh le bealach cumarsáide eile le haghaidh iarrataí práinneacha;**

**(d) malartuithe faisnéise idir na Ballstáit i gcás ina dtugann teagmhais theicniúla nó oibríochtúla nach rabhthas ag súil leo le tuiscint go n-úsáidfear bealach eile.**

2. Maidir le pointí teagmhála aonair na mBallstát, mar aon lena n-údaráis forfheidhmithe dlí go léir a d'fhéadfadh a bheith rannpháirteach i malartú faisnéise faoin Treoir seo, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh siad nasctha go díreach le SIENA.

## Caibidil V

## Pointe teagmhála aonair chun faisnéis a mhalartú idir na Ballstáit

*Airteagal 14*

***Bunú, cúraimí agus cumais***

1. Bunóidh [...] gach Ballstát pointe teagmhála aonair náisiúnta amháin, arb é an t-eintiteas lárnach a bheidh freagrach as malartuithe faisnéise faoin Treoir seo a chomhordú.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sé de chumhacht ag a bpointe teagmhála aonair gach ceann de na cúraimí seo a leanas ar a laghad a dhéanamh:

   (a) iarrataí ar fhaisnéis **arna gcur isteach i gcomhréir le hAirteagal 4** a fháil agus a mheas;

   (b) iarrataí ar fhaisnéis a sheoladh chuig na húdaráis forfheidhmithe [...] dlí náisiúnta ábhartha agus, más gá, próiseáil na n-iarrataí sin agus an soláthar faisnéise i ndáil leis na hiarrataí sin a chomhordú eatarthu;

   (c) anailís[...]**iú** agus strucht[...]**úrú** na faisnéise **a chomhordú** d'fhonn í a sholáthar do na [...] Ballstáit **iarrthacha**;

   (d) faisnéis a sholáthar, arna iarraidh sin nó ar a [...]**d**tionscnamh féin, do [...] Bhallstáit eile i gcomhréir le hAirteagal 5 agus le hAirteagal 7;

PUBLIC

(e) diúltú d'fhaisnéis a sholáthar i gcomhréir le hAirteagal 6 agus, i gcás inar gá, soiléirithe a iarraidh i gcomhréir le hAirteagal 6(3);

(f) seolfaidh siad iarrataí ar fhaisnéis chuig pointí teagmhála aonair na mBallstát eile i gcomhréir le hAirteagal 4 agus, i gcás inar gá, soiléirithe a sholáthar i gcomhréir le hAirteagal 6(3).

3. Áiritheoidh na Ballstáit an méid seo a leanas:

(a) go bhfuil rochtain ag a bpointe teagmhála aonair ar gach faisnéis atá ar fáil dá n-údaráis forfheidhmithe dlí **mar a shainmhínítear in Airteagal 2(4)**, a mhéid is gá chun a chúraimí a dhéanamh faoin Treoir seo;

(b) go ndéanann a bpointe teagmhála aonair a chuid cúraimí 24 uair an chloig sa lá, 7 lá na seachtaine;

(c) go gcuirtear ar fáil dá bpointe teagmhála aonair an fhoireann, na hacmhainní agus na cumais is gá, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann leis an aistriúchán, chun a chúraimí a dhéanamh ar bhealach leormhaith agus mear i gcomhréir leis an Treoir [...] seo**, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme**, na teorainneacha ama a leagtar amach in Airteagal 5(1);

(d) maidir leis na húdaráis bhreithiúnacha atá inniúil chun údaruithe breithiúnacha a dheonú a éilítear faoin dlí náisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 9, go bhfuil siad ar fáil **ar glao-dhualgas** don phointe teagmhála aonair 24 uair an chloig sa lá, 7 lá na seachtaine.

4. Laistigh de mhí amháin tar éis dóibh a bpointe teagmhála aonair a bhunú [...], tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún ina leith. Déanfaidh siad an fhaisnéis sin a nuashonrú i gcás inar gá.

Foilseoidh an Coimisiún na fógraí sin in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, mar aon le haon nuashonrú orthu.

PUBLIC

*Airteagal 15*

***Comhdhéanamh***

1. Cinnfidh na Ballstáit eagrú agus comhdhéanamh [...] a **b**pointe teagmhála aonair ar bhealach a fhágfaidh go mbeidh sé in ann a chúraimí faoin Treoir seo a dhéanamh ar bhealach éifeachtúil éifeachtach.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh a bpointe teagmhála aonair comhdhéanta d'ionadaithe ó na húdaráis forfheidhmithe dlí náisiúnta a bhfuil a rannpháirtíocht riachtanach le haghaidh malartú faisnéise leormhaith agus mear faoin Treoir seo, lena n-áirítear ar a laghad an méid seo a leanas a mhéid atá an Ballstát lena mbaineann faoi cheangal ag an reachtaíocht ábhartha na haonaid nó na biúrónna sin a bhunú nó a ainmniú:

(a) an t-aonad náisiúnta Europol arna bhunú le hAirteagal 7 de Rialachán (AE) 2016/794;

(b) Biúró SIRENE arna bhunú le hAirteagal 7(2) de Rialachán (AE) Uimh. 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[27];

(c) [...]

(d) Biúró Lárnach Náisiúnta INTERPOL arna bhunú le hAirteagal 32 de Bhunreacht Eagraíocht Idirnáisiúnta na bPóilíní Coireachta – INTERPOL.

[27] Rialachán (AE) 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le Córas Faisnéise Schengen (SIS) a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2007/533/JHA ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1986/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2010/261/AE ón gCoimisiún (IO L 312 7.12.2018, lch. 56).



PUBLIC

*Airteagal 16*

***Córas bainistithe cásanna***

PUBLIC

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh a bpointe teagmhála aonair córas bainistithe cásanna leictreonach amháin a chur in úsáid agus a oibriú mar stór lena ligtear don phointe teagmhála aonair a chúraimí a dhéanamh faoin Treoir seo. Beidh na feidhmeanna agus na cumais uile seo a leanas ag an gcóras bainistithe cásanna ar a laghad:

   (a) taifead a dhéanamh ar iarrataí isteach agus amach ar fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 5 agus Airteagal 8, chomh maith le haon chumarsáid eile le pointí teagmhála aonair agus, i gcás inarb infheidhme, le húdaráis forfheidhmithe dlí i mBallstáit eile a bhaineann leis na hiarrataí sin, lena n-áirítear an fhaisnéis faoi dhiúltuithe agus faoi iarrataí ar shoiléirithe agus soláthar soiléirithe dá dtagraítear in Airteagal 6(2) agus (3) faoi seach;

   (b) taifead a dhéanamh ar an gcumarsáid idir an pointe teagmhála aonair agus na húdaráis forfheidhmithe dlí náisiúnta, de bhun Airteagal 15(2), pointe (b);

   (c) taifead a dhéanamh ar an soláthar faisnéise do na pointí teagmhála aonair agus, i gcás inarb infheidhme, do na húdaráis forfheidhmithe dlí i mBallstáit eile i gcomhréir le hAirteagail 5, 7 agus 8;

   (d) iarrataí isteach ar fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 5 agus Airteagal 8 a chros-seiceáil le faisnéis atá ar fáil don phointe teagmhála aonair, lena n-áirítear faisnéis arna soláthar i gcomhréir leis an dara fomhír d’Airteagal 5(3) agus an dara fomhír d’Airteagal 7(2) agus faisnéis ábhartha eile arna taifeadadh sa chóras bainistithe cásanna;

   (e) a áirithiú go ndéanfar obair leantach mhear ar iarrataí isteach ar fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 4, go háirithe d’fhonn cloí leis na teorainneacha ama maidir leis an bhfaisnéis iarrtha a sholáthar, ar teorainneacha ama iad a leagtar amach in Airteagal 5;

(f) a bheith idir-inoibritheach le SIENA, agus é á áirithiú go háirithe gur féidir cumarsáid isteach trí SIENA a thaifeadadh go díreach sa chóras bainistithe cásanna agus gur féidir cumarsáid amach trí SIENA a sheoladh go díreach ón gcóras bainistithe cásanna;

(g) staitisticí a ghiniúint i ndáil le malartuithe faisnéise faoin Treoir seo chun críoch meastóireachta agus faireacháin, go háirithe chun críoch Airteagal 17;

(h) rochtain agus gníomhaíochtaí próiseála eile a logáil i ndáil leis an bhfaisnéis atá sa chóras bainistithe cásanna, chun críoch cuntasachta agus cibearshlándála**,** **i gcomhréir le hAirteagal 25 de Threoir (AE) 2016/680.**

2. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbainisteofar gach riosca cibearshlándála a bhaineann leis an gcóras bainistithe cásanna, go háirithe maidir lena struchtúr, lena rialachas agus lena rialú, agus go dtabharfar aghaidh orthu ar bhealach stuama agus éifeachtach agus chun a áirithiú go ndéanfar foráil maidir le coimircí leormhaithe i gcoinne rochtain neamhúdaraithe agus mí-úsáide.

3. Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh aon sonraí pearsanta a phróiseálann a bpointe teagmhála aonair stóráilte sa chóras bainistithe cásanna ach chomh fada agus is gá agus is comhréireach chun na gcríoch ar chucu a dhéantar na sonraí pearsanta a phróiseáil agus áiritheoidh siad go scriosfar na sonraí go do-athraithe ina dhiaidh sin**, i gcomhréir le hAirteagal 4(1)(e) agus le hAirteagal 5 de Threoir (AE) 2016/680.**

## Caibidil VI

## Forálacha críochnaitheacha

*Airteagal 17*

***Staitisticí***

PUBLIC

1. Cuirfidh na Ballstáit staitisticí ar fáil **ón mbliain roimhe** don Choimisiún maidir leis na malartuithe faisnéise leis na Ballstáit eile faoin Treoir seo, faoin 1 Márta gach bliain.

2. Cumhdóidh na staitisticí an méid seo a leanas ar a laghad:

(a) líon na n-iarrataí ar fhaisnéis arna gcur isteach ag a bpointe teagmhála aonair agus ag a n-údaráis forfheidhmithe dlí;

(b) líon na n-iarrataí ar fhaisnéis a fuair an pointe teagmhála aonair agus a n-údaráis forfheidhmithe dlí agus ar thug siad freagra orthu, agus iad miondealaithe ina n-iarrataí práinneacha agus neamhphráinneacha, agus miondealaithe de réir na mBallstát eile a fhaigheann an fhaisnéis;

(c) líon na n-iarrataí ar fhaisnéis a diúltaíodh de bhun Airteagal 6, iad miondealaithe de réir an Bhallstáit a rinne an iarraidh agus de réir na bhforas diúltaithe;

(d) líon na gcásanna inar imíodh ó na teorainneacha ama dá dtagraítear in Airteagal 5(1) toisc go raibh orthu údarú breithiúnach a fháil i gcomhréir le hAirteagal 5(2), iad miondealaithe de réir an Bhallstáit a chuir isteach na hiarrataí ar fhaisnéis lena mbaineann.

*Airteagal 18*

***Tuarascálacha***

1. Faoin *[dáta theacht i bhfeidhm + 3 bliana]*, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, ina ndéanfar measúnú ar chur chun feidhme na Treorach seo.

2. Faoin *[dáta theacht i bhfeidhm + 5 bliana]*, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina ndéanfar measúnú ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht na Treorach seo. Cuirfidh an Coimisiún san áireamh an fhaisnéis a sholáthróidh na Ballstáit agus aon fhaisnéis ábhartha eile a bhaineann le trasuí agus cur chun feidhme na Treorach seo. Ar bhonn na meastóireachta sin, déanfaidh an Coimisiún cinneadh maidir le gníomhaíochtaí leantacha iomchuí, lena n-áirítear, más gá, togra reachtach.

Airteagal 19

[...]

[...]

PUBLIC

*Airteagal 20*

***Aisghairm***

Déantar Cinneadh Réime 2006/960/CGB a aisghairm ón [dáta dá dtagraítear in Airteagal 21(1), an chéad fhomhír].

Déanfar tagairtí don Chinneadh Réime sin a fhorléiriú mar thagairtí d'fhorálacha comhfhreagracha na Treorach seo.

PUBLIC

*Airteagal 21*

***Trasuí***

1. Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a thabhairt i bhfeidhm faoin *[dáta theacht i bhfeidhm + 2 bhliain]*. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

   Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón dáta sin. Mar sin féin, cuirfidh siad Airteagal 13 i bhfeidhm ón *[dáta theacht i bhfeidhm + 4 bliana]*.

   Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an tslí le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 22*

***Teacht i bhfeidhm***

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

*Airteagal 23*

***Seolaithe***

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo, i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

PUBLIC